# <u>Nóta Eolais</u>

## Tosach Feidhme Forálacha Áirithe *d'Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023* i ndáil le hoidhreacht faoi uisce a chosaint

### Brollach agus achoimre

Ar an 12 Nollaig 2024, tháinig forálacha breise *d'Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023* (Acht 2023) i ngníomh.

Mar achoimre, tá impleachtaí ag gabháil leis na forálacha sin a bhfuil tosach feidhme tugtha dóibh le déanaí maidir le dlí na tarrthála a mhéid a bhaineann sé le raiceanna stairiúla agus réada seandálaíochta faoi uisce, agus do shaoránaigh Éireannacha (agus raon daoine eile atá sonraithe) agus le haghaidh soithí a oibríonn in uiscí idirnáisiúnta má tá sé beartaithe acu gabháil do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar oidhreacht chultúrtha faoi uisce. Ciallaíonn "gníomhaíochtaí atá dírithe ar oidhreacht chultúrtha faoi uisce" mar achoimre, gníomhaíochtaí a bhfuil cur isteach ag gabháil leo agus atá dírithe ar an oidhreacht sin, mar atá sainithe chun críocha Choinbhinsiún EOECNA maidir le hOidhreacht Chultúrtha faoi Uisce a Chosaint, 2001. Ceanglaítear leis na forálacha atá i gceist freisin tuairisciú rialta ar fhionnachtana oidhreachta cultúrtha faoi uisce in uiscí idirnáisiúnta agus rialaítear leo allmhairiú oidhreachta cultúrtha faoi uisce isteach sa Stát ar oidhreacht í a aimsíodh lasmuigh den Stát.

### Feidhmiú leanúnach alt 3 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1987 (Acht 1987)

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil na forálacha dlíthiúla nua sa bhreis ar fhorálacha reatha alt 3 d'Acht 1987. Soláthraítear cosaint láidir leis na forálacha reatha mar atá cúrsaí faoi láthair le haghaidh gach raice atá níos sine ná 100 bliain d'aois agus gach réada seandálaíochta faoi uisce atá suite in uiscí inmheánacha, i bhfarraigí críche agus i gCrios Tadhlach (tá sainmhíniú air sin le feiceáil thíos) na hÉireann. Cuirtear cosc ar chur isteach ar láithreáin den sórt sin, nó ar thumadh orthu, gan cheadúnas agus ní mór gach fionnachtain ábhair dá leithéid a thuairisciú, mar a fhoráiltear dó in Acht 1987. In Alt 3 d'Acht 1987 déantar foráil chun Orduithe um Oidhreacht faoi Uisce a dhéanamh maidir le raiceanna ó dháta ar bith a bhfuil spéis ag gabháil leo ó thaobh na hoidhreachta agus réada seandálaíochta faoi uisce. Cuirfear forálacha Acht 2023 in ionad Alt 3 d'Acht 1987 (agus forálacha gaolmhara) in am is i dtráth ach idir an dá linn tá siad i bhfeidhm go hiomlán fós.

### Forálacha Acht 2023

Áirítear leis na príomhghnéithe d'fhorálacha Acht 2023 atá tagtha i bhfeidhm anois iad seo a leanas:

- **Le hAlt 134** eisiatar na catagóirí seo a leanas ó fhéidearthacht na híocaíochta i leith dámhachtainí as tarrtháil neamhchonarthach:
    - raic atá 100 bliain d'aois nó níos sine, lena n-áirítear aon réad a baineadh den raic cibé acu go raibh nó nach raibh an réad mar chuid den raic;
    - réad seandálaíochta atá 100 bliain d'aois nó níos sine; agus
    - séadchomhartha cláraithe, lena n-áirítear aon réad a baineadh den séadchomhartha, cibé acu go raibh nó nach raibh sé mar chuid den séadchomhartha (beifear in ann raiceanna a chur san áireamh ar Chlár na Séadchomharthaí atá le bunú faoi Acht 2023).

- **Le hAlt 138** cuirtear cosc ar shaoránaigh Éireannacha, cónaitheoirí, cuideachtaí, daoine eile (lena n-áirítear daoine dlítheanacha) atá bunaithe sa Stát agus ar dhaoine atá i gceannas ar shoithí Éireannacha ó ghabháil do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar oidhreacht chultúrtha faoi uisce atá suite lasmuigh de Chrios Tadhlach na hÉireann (crios 24-mhíle) ach atá lasmuigh d'fharraigí críche stáit eile ar bith nó de limistéir ghaolmhara mar atá leagtha amach in Acht 2024, seachas i gcomhréir le ceadúnas arna eisiúint faoin Acht, nó údarú arna eisiúint ag stát a dhaingnigh Coinbhinsiún EOECNA maidir le hOidhreacht Chultúrtha faoi Uisce a Chosaint, 2001. Clúdaítear leis an srian sin freisin (mar atá leagtha amach in alt 138) ceadú ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh.

- **Tá feidhm ag Ailt 139 agus 142** freisin maidir le raon na ndaoine (daoine nádúrtha agus dlítheanacha araon) lena mbaineann alt 138. Ceanglaítear leis na hailt sin fógra a thabhairt don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an gcaoi atá sonraithe san Acht i gcúinsí áirithe, go háirithe na cúinsí seo a leanas:

    - I gcás go dtagtar ar oidhreacht chultúrtha faoi uisce i limistéar lasmuigh de theorainn 24 míle na hÉireann (go háirithe laistigh de scairbh ilchríochach nó de limistéar eacnamaíoch eisiach na hÉireann i limistéar an aigéin dhomhain atá sainithe mar "an Limistéar" faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, 1982 , agus laistigh de scairbh ilchríochach nó de limistéar eacnamaíoch eisiach stáit a dhaingnigh Coinbhinsiún 2001;
    - I gcás go bhfuil sé ar intinn ag duine gabháil do ghníomhaíocht atá dírithe ar oidhreacht chultúrtha faoi uisce lasmuigh de theorainn 24 míle na hÉireann (sna limistéir atá sonraithe thuas) agus iad ag brath ar údarú arna eisiúint ag stát a dhaingnigh Coinbhinsiún 2001 seachas ceadúnas a eisíodh faoi Acht 2024.

    **(Eiseofar níos mó faisnéise ag tús 2025 ar na córais fógra sin chomh maith le foirm le húsáid chun cloí leo.)**

- **Le hAlt 147** cuirtear cosc ar oidhreacht chultúrtha faoi uisce a allmhairiú (sna cúinsí atá leagtha amach san alt) isteach sa Stát gan cheadúnas arna eisiúint faoi Acht 2024

Is féidir liosta iomlán na bhforálacha atá san Ordú um Thosach Feidhme (I.R. Uimh. 663 de 2024), a fháil anseo.

**Is le haghaidh faisnéise amháin a chuirtear an méid thuas ar fáil, agus ní léirmhíniú dlí atá i gceist leis.**

**Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta**

**An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**

**Feabhra 2025**